Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11178 — ASTARA MOBILITY / NISSAN AUSTRIA / NISSAN POLAND)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 234/03)

1. An 21 Meitheamh 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Astara Mobility ('Astara', an Spáinn), faoi chomhrialú Bergé Group agus Mitsubishi Corporation,

— Nissan Austria (an Ostair), faoi rialú deiridh aonair Nissan Motor Co. Ltd roimhe seo agus faoi rialú Astara (an Spáinn) amháin faoi láthair, agus Nissan Poland (an Pholainn), faoi rialú deiridh aonair Nissan Motor Co. Ltd (le chéile 'an Sprioc-chuideachta).

Gheobhaidh Astara rialú aonair ar ContourGlobal de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc. Fuair Astara rialú aonair ar Nissan Austria roimhe seo i mí Feabhra 2022. Aon chomhchruinniú amháin atá sa dá éadáil de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 5(2) den Rialachán um Chumaisc mar go bhfuil siad á ndéanamh idir na gnóthais chéanna laistigh de thréimhse dhá bhliain.

Tá an comhchruinniú á bhaint amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Astara gníomhach in allmhairiú, mórdhíol agus dáileadh miondíola feithiclí ó roinnt brandaí, i ndíol páirteanna breise, chomh maith le soláthar seirbhísí tar éis díolacháin, maoiniú agus seirbhísí eile i dtíortha Eorpacha éagsúla agus i Meiriceá Laidineach agus sna hOileáin Fhilipíneacha freisin,

— Dáileann an Sprioc-chuideachta feithiclí, páirteanna breise, agus gabhálais den bhranda Nissan san Ostair agus sa Pholainn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([2]) ón gComhairle, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11178 — ASTARA MOBILITY / NISSAN AUSTRIA / NISSAN POLAND

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË